An Roinn Forbartha Tuaithe
agus Pobail agus Gaeltachta
Department of Rural and Community
Development and the Gaeltacht

# Nóta eolais do LCDCanna maidir leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta An Clár Feabhsúcháin Áitiúil 2026

29 Eanáir 2026

# 1 Réamhrá

Cuirfidh Clár Feabhsúcháin Áitiúil (LEP) 2026 na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta maoiniú caipitil agus reatha ar fáil chun tacú le grúpaí pobail ar fud na hÉireann.

Tacóidh an maoiniú caipitil le grúpaí, go háirithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste, chun tabhairt faoi dheisiúcháin agus faoi fheabhsúcháin riachtanacha ar a gcuid saoráidí, agus chun trealamh a cheannach lena n-áirítear boird agus cathaoireacha, uirlisí agus comharthaíochta, ríomhairí glúine agus printéirí, lomairí faiche, ceannbhrat agus trealamh oiliúna etc.

Cabhróidh an maoiniú seo le pobail, grúpaí pobail agus coistí, trína chur ar a gcumas leanúint de sheirbhísí luachmhara a chur ar fáil do na daoine ina gceantar, agus naisc a neartú ag an am céanna a cheanglaíonn pobail le chéile.  Tá mar aidhm ag an maoiniú freisin tacú le tosaíochtaí straitéiseacha áitiúla trí naisc le Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail (LECPanna).

# 2 Ceisteanna Coitianta

## C. Cad é an dáta deiridh?

**F.** Sna blianta roimhe seo bhí an t-údarás áitiúil in ann an dáta deiridh i gcomhair iarratas a shocrú go neamhspleách, ach i mbliana shocraigh an Roinn gurb é an 27 Feabhra 2026 an dáta deiridh.

## C. Cathain ba cheart leithdháiltí ceadaithe a sheoladh chuig an Roinn?

**F.** Ní mór an scarbhileog tuairisceán a sheoladh ar ais go dtí an Roinn faoin  Aibreán 2026. Tá sé i gceist go bhfógróidh an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta sonraí faoi na hiarratasóirí ar éirigh leo i Ráithe 2 2026.

## C. An bhfuil spriocdháta ann faoina gcaithfidh faighteoir an deontais an deontas a bheith tarraingthe anuas aige?

**F.** Tá. Ba cheart an deontas a bheith tarraingthe anuas faoin 31 Nollaig 2026.

## C. An mbeidh cistí nár caitheadh le híoc ar ais?

**F.** Beidh. Ba cheart aon airgead nach bhfuil tarraingthe anuas faoin 31 Nollaig 2026 a íoc ar ais leis an Roinn in Eanáir 2027.

## C. Cad ar a bhfuil deontas an Chláir Feabhsúcháin Áitiúil dírithe??

**F.** Tá an maoiniú seo dírithe ar lámh chúnta a thabhairt dár bpobail, dár ngrúpaí áitiúla agus dár gcumainn. Cabhróidh na deontais seo chun tacú le grúpaí, go háirithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste, deisiúcháin riachtanacha agus le hoibreacha/feabhsúcháin bheaga chaipitil a dhéanamh ar a gcuid saoráidí agus trealamh a cheannach.

## C. Cén saghas tionscadal atá incháilithe leas a bhaint as an maoiniú?

**F.** Áirítear ar na tionscadail incháilithe, ach gan a bheith teoranta dóibh: cóirithe agus feabhsúcháin riachtanacha ar áiseanna, trealamh a cheannach m.sh. táblaí agus cathaoireacha, uirlisí agus comharthaíocht, ríomhairí glúine agus printéirí, lomairí féir, forscáthanna agus trealamh oiliúna.

Is féidir a áireamh leis na hinfheistíochtaí sin freisin, ach níl sé teoranta dóibh; rochtain níos fearr do dhaoine faoi mhíchumas; barr feabhais a chur ar rannpháirtíocht an phobail do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus imeallaithe, agus; feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh saoráidí pobail chun costais leanúnacha a laghdú. Tá an scéim ceaptha lena chinntiú go sainaithnítear agus go bhfreastalaítear ar thosaíochtaí áitiúla, chun go bhfeabhsófar agus go gcuirfear le saoráidí pobail do gach duine..

## C. Conas ba cheart don LCDC/Údaráis Áitiúla foinse an mhaoinithe (i.e. an Roinn) a aithint nuair atá poiblíocht á déanamh ar an gClár Feabhsúcháin Áitiúil?

**F.** Iarrann an Roinn ar LCDCanna feachtas mór feasachta / láidir fógraíochta a chur ar bun maidir leis an maoiniú seo ag úsáid gach bealach atá ar fáil dóibh faoi láthair, cosúil lena leathanach gréasáin, PPN, meáin shóisialta e.g. Facebook, féin. Baineann tábhacht ar leith leis seo lena chinntiú go mbíonn a mhéid grúpaí agus is féidir ar an eolas faoin maoiniú seo agus go mbíonn an deis acu iarratas a dhéanamh air.

Tá sé tábhachtach, ar mhaithe le maoiniú leanúnach an Státchiste ar an gClár Feabhsúcháin Áitiúil (LEP) gach bliain a chinntiú, go dtugtar aitheantas d’fhoinse an mhaoinithe (i.e. an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta) nuair a dhéanann LCDCanna an LEP a fhógairt agus nuair a dhéanann siad fógra maidir leis na hiarratasóirí ar éirigh leo. Ní mór lógónna an DRCDG, Ár dTodhchaí Tuaithe agus Rialtas na hÉireann a thaispeáint ar an gcumarsáid go léir.

Cuir an téacs seo a leanas san áireamh nuair atá an LEP (e.g. ar shuíomh gréasáin an LCDC/Údaráis Áitiúil) agus nuair atá fógraí á ndéanamh maidir leis na hiarratasóirí ar éirigh leo:

> *Tá an Clár Feabhsúcháin Áitiúil 2026 maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta. Féach an nasc seo a leanas chuig an bpreaseisiúint inar fhógair an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, Dara Calleary, TD,*

*agus an tAire Stáit atá freagrach as Forbairt Pobail agus Carthanas, Jerry Buttimer, TD, an Clár Feabhsúcháin Áitiúil 2026 ar leibhéal náisiúnta:* Preaseisiúint

## C. An gá cuid den deontas a imfhálú do thionscadail níos lú?

**F.** Iarrann an Roinn, go ginearálta, go ndéanann LCDCanna 30% dá gcistiú a imfhálú do dheontais €1,000 nó níos lú. Níl ansin ach treoir, agus is féidir leis an LCDC an méid sin a athrú ag brath ar na riachtanais ina limistéar.

## C. Cé a shocraíonn cé na tionscadail a cheadaítear?

**F.** Táthar ag súil go ndéanfaidh an LCDC an cinneadh seo, i gcomhairle leis na Ceantair Bhardasacha, má mheastar gur cuí sin.

Tá an maoiniú dírithe ar dhul i ngleic le míbhuntáiste in LECP gach limistéir. Mholfadh an Roinn do LCDCanna crostagairt a dhéanamh idir láthair na saoráide (nó an ceantar ar a bhfreastalaíonn sí) agus Innéacs Díothachta HP, nuair atáthar ag breithniú cibé acu a rachadh nó nach rachadh an t-iarratas ar dheontas i ngleic le míbhuntáiste ina limistéar. Is féidir teacht air seo ar shuíomh gréasáin Pobal ag www.pobal.ie.

## C. An bhfuil cead ag na hÚdaráis Áitiúla/LCDCanna mionathruithe a dhéanamh ar an gcáipéisíocht nó critéir bhreise a thugann soiléiriú a chur i bhfeidhm ar an gClár Feabhsúcháin Áitiúil?

**F.** Tá. Cé gur chuir an Roinn doiciméid ar fáil do LCDCanna (i.e. an fhoirm iarratais agus nótaí treorach), tá an Roinn sásta go ndéanfaidh na hÚdaráis Áitiúla/LCDCanna mionathruithe chomh fada agus go dtagann siad le héiteas an Chláir agus go sásaíonn siad aon riachtanais iniúchta, mhonatóireachta nó mheasúnaithe.

**Nóta**: Tuigeann an Roinn gurb é an LCDC is fearr atá ábalta an áit is mó a dteastaíonn an tacaíocht ina limistéar a aithint. Tá sé tábhachtach go mbíonn saoirse ag gach LCDC mionathruithe a dhéanamh chun freastal ar na riachtanais ina limistéar, mar a aithnítear ina LECP.

## C. An bhfuil liosta críochnaitheach ann de na nithe atá incháilithe nó nach bhfuil incháilithe?

**F.** Níl. Tugadh samplaí de na nithe atá incháilithe agus neamh-incháilithe chun treoir a thabhairt maidir le héiteas an Chláir ach chuirfeadh an cur chuige "oireann do gach cás" teorainneacha i bhfeidhm nuair a theastaíonn solúbthacht.

## C. An féidir leis an LCDC na Treoirlínte agus an fhoirm iarratais a chur in oiriúint chun liosta de nithe atá incháilithe agus nach bhfuil incháilithe a áireamh?

**F.** Is féidir. Tá an Roinn sásta go ndéanfaidh na hÚdaráis Áitiúla/LCDCanna leasú ar an bhfoirm iarratais chun liosta a áireamh de thionscadail incháilithe agus neamh-incháilithe chomh fada agus go dtagann siad le héiteas an Chláir agus go sásaíonn siad aon riachtanais iniúchta, mhonatóireachta nó mheasúnaithe. Sampla - tar éis limistéar a shainaithint LECP, d'fhéadfadh pointe gnímh a bheith ag an LCDC feabhsúcháin fhisiciúla a dhéanamh ar a limistéar riaracháin do dhaoine aosta.
**Sampla** - Binsí saincheaptha nó ionad aclaíochta taobh amuigh. D'fhéadfadh nach bhfuil aon fhoinse eile oiriúnach maoinithe ar fáil chun an gníomh tosaíochta seo a bhaint amach. D'fhéadfadh an LCDC glao ar iarratais a ghairm atá saincheaptha do thionscadail a thagann go sonrach faoin gcatagóir sin. Tá an Roinn sásta glacadh leis an gcur chuige seo.

## C. An féidir le saoráid, cosúil le séipéal nó scoil, iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoin gClár Feabhsúcháin Áitiúil?

**F.** Is féidir, ach i gcáil áirithe amháin. Mar shampla, má chuir an séipéal/scoil isteach ar mhaoiniú do shaoráid a bhféadfadh ball ar bith den phobal freastal uirthi, (seachas díreach daoine a bhfuil creideamh ar leith acu nó lucht freastail ar leith scoile), b'fhéidir go ndéanfaí an breithniú céanna air seo agus a dhéanfaí ar thionscadal grúpa/eagraíochta pobail.

## C. Cén dáta nach mór sonraisc/admhálacha a bheith curtha faoi bhráid an ÚÁ/LCDC mar chruthúnas ar chaiteachas?

**F.** Is faoi gach LCDC atá seo. Tabhair faoi deara, mar atá leagtha amach sa fhreagra ar an gceist roimhe seo, gur cheart aon airgead nach bhfuil tarraingthe anuas ag an LA/LCDC faoin 31 Nollaig 2026 a aisíoc leis an Roinn i mí Eanáir 2027.

## C. An gá admhálacha/grianghraif etc. a sheoladh le haghaidh gach tionscadal?

**F.** Is gá. Is ar mhaithe le cuntasacht sna grúpaí/eagraíochtaí a chinntiú é seo agus beidh an cháipéis sin ag teastáil don phróiseas iniúchta. Mholfaimis freisin nach n-íocfaí aon chistiú gan an sonrasc/na sonraisc/cáipéisí cuí a fheiceáil.

## C. Cad ar cheart don údarás áitiúil a iarraidh sula n-eisíonn sé an íocaíocht leis an ngrúpa/eagraíocht?

**F.** Níor cheart don LCDC maoiniú a eisiúint sula bhfaigheann siad sonraisc, admhálacha agus aon fhianaise riachtanach eile ar chaiteachas ón ghrúpa/eagraíocht, lena ndeimhnítear gur críochnaíodh an obair agus gur ceannaíodh an trealamh.

## C. An ceadmhach iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú i gcomhair tionscadail a críochnaíodh nó trealamh a ceannaíodh sular fhógair an Roinn na tionscadail ar éirigh leo faoi LEP 2026?

**F.** Ní hea. Ní costais incháilithe i gcomhair íocaíochta faoin Chlár iad costais a tabhaíodh sular fhógair an Roinn an liosta de na tionscadail ar éirigh leo. Áirítear orthu seo oibreacha a críochnaíodh nó trealamh a ceannaíodh i gcásanna ina bhfuil dáta an tsonraisc roimh dháta fhógra RTFPG faoi na tionscadail ar éirigh leo.

## C. An bhfuil an cistiú a cuireadh ar fáil faoin gClár Feabhsúcháin Áitiúil (LEP) incháilithe mar chómhaoiniú nó mar mhaoiniú meaitseála do scéimeanna nó cláir eile, e.g. LEADER?

**F.** Tá. Tá an LEP maoinithe 100% ag an státchiste agus is féidir é a úsáid i gcomhar le deontais eile. Tá sé de fhreagracht ar iarratasóir an deontais a chinntiú nach dtagtar salach ar rialacha na scéime/an chláir eile tríd an gClár seo a úsáid chun tionscadal a chómhaoiniú. Cinntigh go dtéann iarratasóirí i gcomhairle leis na riarthóirí nó leis an gcomhlacht atá freagrach as aon scéim nó clár eile maoinithe ina leith seo.

## C. Má tá iarratas á cheadú, an gá don LCDC an leibhéal iomlán maoinithe a iarradh i leith an tionscadail a bhronnadh?

**F.** Ba cheart an maoiniú ar leith atá ag teastáil a bheith sonraithe i ngach iarratas. B'fhéidir go mbeadh ar an LCDC méid níos lú maoinithe a bhronnadh. Beidh sé seo ag brath ar líon na n-iarratas a fhaightear agus ar a gcomhsheasmhacht leis an LECP, i measc tosca eile.

## C. Mura nglactar leis an maoiniú a cheadaítear, an féidir é a dháileadh mar mhaoiniú breisithe ar thionscadail eile a ceadaíodh?

**F.** Is féidir, is faoin LCDC a bhíonn sé cinneadh a dhéanamh faoi seo ar bhonn cás ar chás.

## C. An mbeidh teimpléad de litir ghlactha á heisiúint ag an Roinn?

**F.** Ní bheidh, tá an LCDC freagrach as sin. D'fhéadfadh critéir a bheith curtha ag gach LCDC lena gclár, dá bhrí sin, tá sé níos oiriúnaí go gceapfadh an LCDC a dteimpléad féin.

## C. Cén t-eolas a bheidh ag teastáil ón Roinn ar thionscadail a mhaoinítear?

**F.** Foilseoidh an Roinn liosta de na tionscadail a mhaoinítear faoin gClár Feabhsúcháin Áitiúil ar a suíomh gréasáin. Beidh ar an LCDC an t-eolas seo a leanas a chur ar fáil ón Fhoirm Iarratais agus ón Scarbhileog Tuairisceán:

- Ainm na hEagraíochta*

- Láthair* – baile nó sráidbhaile (e.g. Tulach Mhór, Lios Mór, Tuilsce)
- Méid an deontais a ceadaíodh*
- Catagóir an tionscadail – ba cheart gurb ionann é seo agus an téacs sa bhosca/sna boscaí inar cuireadh tic ag barr Chuid 2 den Fhoirm Iarratais.
- Cuspóir an deontais – is é seo an téacs a cuireadh isteach sa chuid chomhfhreagrach ar Leathanach 6 den Fhoirm Iarratais, inar féidir 10 bhfocal ar an uasmhéid a chur isteach.
- Eirchóid mar a sonraíodh iad ar an fhoirm iarratais.

Foilseofar aon eolas a bhfuil * leis ar shuíomh gréasáin na Roinne. D'fhéadfaí eolas eile a iarraidh ó am go chéile ar mhaithe le Ceisteanna Parlaiminte nó Uiríll a fhreagairt.

Teastóidh tuarascálacha ar dhul chun cinn ón Roinn chomh maith (ón LCDC) ó am go chéile..

## C. Cé a dhéanann cinneadh faoi Shíneadh a chur le Conradh?

**F.** Is faoin LCDC atá sé breithniú a dhéanamh ar iarratas ón tionscnóir ag iarraidh go leanfaí/go gcuirfí síneadh siarghabhálach lena gconarthaí atá imithe in éag. Beidh ar an tionscnóir iarratas maidir le síneadh siarghabhálach a dhéanamh i scríbhinn agus an dáta éaga nua don síneadh atá sé ag iarraidh ar an gconradh a shonrú.

Má ghlacann an LCDC leis an iarraidh, is féidir le hOifigeach Údaraithe an LCDC síneadh a fhaide le sé mhí a chur le dáta críochnaithe de bhun iarraidh scríofa a fháil ó thionscnóir an tionscadail. Ba cheart aguisín ina gcuimsítear sonraí faoin iarratas agus faoin gceadú, atá sínithe ag an dá pháirtí, a chur leis an mbunchonradh agus a chóipeáil go dtí comhad crua an tionscadail, ar mhaithe le rian iniúchta a chur ar fáil. Beidh iarratais eile ar shíneadh a chur leis an gconradh le seoladh chuig an Roinn lena mbreithniú.

Ní mór don LCDC monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn na dtionscadal go léir ar bhonn rialta agus idirchaidreamh a dhéanamh le tionscnóirí tionscadail, de réir mar is cuí.

## C. Iarrataí ar athrú raon feidhme?

**F.** Ba cheart aon athruithe ar thionscadail a chur in iúl don Roinn agus a aontú leis an Roinn sula ndéantar aon oibreacha, agus is é Aguisín 1 an modh cuí chuige sin.  Ba cheart foirm Aguisín 1 a líonadh isteach agus a sheoladh ar ais chuig LEP@drcdg.gov.ie.

Tabhair ar aird:

- Ba cheart glacadh soiléir leis an deontas agus leis na  téarmaí agus coinníollacha atá ag dul leis a iarraidh agus a fháil tar éis don Litir Thairisceana a bheith eisithe.
- Ba cheart an Roinn a chur ar an eolas faoi aon athrú ábhartha a dhéantar ar na teorainneacha atá molta.
- Ba cheart a thabhairt ar aird i gcáipéisíocht ábhartha (litreacha tairisceana agus an suíomh gréasáin, nuair is cuí) gurb í an Roinn a chuireann an maoiniú ar fáil don chlár seo.
- Ba mhaith leis an Roinn dá gcuirfeadh na LCDCanna feachtas mór feasachta / láidir fógraíochta  ar bun maidir leis an gciste seo trí leas a bhaint as gach bealach atá ar fáil dóibh faoi láthair, cosúil lena leathanach gréasáin, PPN, agus meáin shóisialta e.g Facebook féin. Ní mór lógónna an DRCDG, Ár dTodhchaí Tuaithe agus Rialtas na hÉireann a bheith ar an gcumarsáid go léir.
- Iarraimid ort do liosta de thionscadail cheadaithe (sa cháipéis tuairisceán a chuirtear ar fáil) a sheoladh chuig an Roinn faoin 27/03/2026 chun gur féidir linn preaseisiúint a eisiúint.
- Ní cheadaítear don ÚÁ/LCDC aon cheann de na grúpaí ceadaithe a chur ar an eolas go dtí go ndearbhaíonn an Roinn go bhfuil fógra déanta agus go bhfuil preaseisiúint eisithe.

Ba cheart gach ceist a bhaineann leis an gClár Feabhsúcháin Áitiúil a sheoladh chuig LEP@drcdg.gov.ie